Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Iúil 2021
(OR. en)

9841/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0131(NLE)**

CCG 34

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa nós imeachta i scríbhinn ag na Rannpháirtithe sa Socrú maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena leasaítear na forálacha maidir le Rátaí Tagartha don Ús Tráchtálach sa Socrú

**CINNEADH (AE) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa nós imeachta i scríbhinn ag na Rannpháirtithe sa Socrú maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena leasaítear na forálacha maidir le Rátaí Tagartha don Ús Tráchtálach sa Socrú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá feidhm ag na treoirlínte atá sa Socrú maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil ('an Socrú') a forbraíodh faoi chuimsiú na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta san Aontas Eorpach de bhua Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(2) De bhun Airteagal 63 den Socrú, ba cheart do Rannpháirtithe sa Socrú ('na Rannpháirtithe') an córas lena socraítear Rátaí Tagartha don Ús Tráchtála (CIRRanna) a athbhreithniú go tráthrialta d'fhonn a áirithiú go léiríonn na rátaí fógartha coinníollacha reatha an mhargaidh agus go bhfuil na haidhmeanna is bun leis na rátaí atá i bhfeidhm á gcomhlíonadh acu. Leis na hathbhreithnithe sin, ba cheart an corrlach a bheidh le cur isteach nuair a chuirtear na rátaí sin i bhfeidhm a chumhdach freisin.

(3) Tá na Rannpháirtithe le cinneadh trí nós imeachta i scríbhinn maidir le cinneadh atá beartaithe chun leasú a dhéanamh ar na forálacha maidir le CIRRanna a leagtar amach in Iarscríbhinn XVI a ghabhann leis an Socrú.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/76/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2001/77/CE ón gComhairle (IO L 326, 8.12.2011, lch. 45).

(4) Leis an gcinneadh atá beartaithe chun na forálacha maidir le CIRRanna a leasú, ba cheart comhchuibheas beartais níos mó a sholáthar, mar aon le cleachtais iasachtóireachta a chomhchuibhiú, agus feabhas á chur ar chothrom na féinne i measc na Rannpháirtithe. Thairis sin, na rátaí úis sheasta a thairgtear in idirbhearta creidmheasa onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil, is rátaí iad ba cheart a thabhairt níos gaire do rátaí an mhargaidh, sin agus a áirithiú go ndéantar na rátaí úis sheasta sin a oiriúnú níos fearr do na téarmaí agus na coinníollacha atá ar fáil sa mhargadh airgeadais príobháideach. Ba cheart go dtabharfadh idirthréimhse dhá bhliain an t-am do na gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin na treoirlínte nua a ghlacadh agus a chur in iúl.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir leis an gcinneadh atá le glacadh ag na Rannpháirtithe sa nós imeachta i scríbhinn a bhunú, mar go mbeidh an cinneadh atá beartaithe chun na forálacha maidir le CIRRanna a leasú ina cheangal ar an Aontas agus go mbeidh sé in ann tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais de bhua Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa nós imeachta i scríbhinn ag na Rannpháirtithe sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena leasaítear forálacha maidir le Rátaí Tagartha don Ús Tráchtála, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó na Rannpháirtithe sa Socrú[1].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad ST 10046/21 ar http://register.consilium.europa.eu.